WATERFORD COUNTY COUNCIL

Liosta na nuachtán atá ceadaithe maidir le fógra rúin chun iarratas pleanála a dhéanamh le Comhairle Contae Phort Láirge a fhoilsiú.

Ainm an Nuachtáin	Limistéar lena bhfuil sé Ceadaithe
Evening Herald	Ar fud an chontae
Foinse	An Ghaeltacht (An Rinn/An Sean Phobal)
Imokilly People	Toghcheantar an Leasa Mhóir
Irish Examiner	Ar fud an chontae
Irish Independent	Ar fud an chontae
Irish Times	Ar fud an chontae
The Avondhu	Toghcheantar an Leasa Mhóir
The Dungarvan Leader	Ar fud an chontae
The Dungarvan Observer	Ar fud an chontae
The Evening Echo	Ar fud an chontae
The Munster Express	Ar fud an chontae
The Nationalist Newspaper	Toghcheantar na Siúire
The Star	Ar fud an chontae
Waterford News & Star	Ar fud an chontae
Waterford Today	Ar fud an chontae

Treoir maidir le Fógra Nuachtáin a Fhoilsiú faoi Altanna 17 & 18 de na Rialacháin Phleanála & Forbartha 2006

Caithfidh iarratasóir, taobh istigh de choicís roimh iarratas pleanála a dhéanamh –
(a) an rún atá aige/aici an t-iarratas a dhéanamh a fhógairt i nuachtán de réir airteagal 18, agus
(b) an rún atá aige/aici an t-iarratas a dhéanamh a fhógairt trí fógra láithreáin a chur in airde nó a ghreamú de réir airteagal 19.
Sá chás gur Satharn, Domhnach, lá saoire poiblí (taobh istigh de bhrí an Achta um Eagraithe Am Oibre, 1997 (Uimhir 20 de 1997), nó aon lá eile ar a bhfuil oifigí an údaráis phleanála dúnta, atá sa lá deireannach den tréimhse coicíse atá luaite i bhfo-airteagal (1), beidh an t-iarratas dlisteanach má fhaightear é ar an gcéad lá dár gcionn a mbíonn oifigí an údaráis phleanála oscailte.
Ní bheidh feidhm ag riachtanas fo-airteagail (1)(b) maidir le iarratas pleanála d'fhorbairt ar a n-airítear tógáil trí ghníomhaíocht aibhléise de línte tarchurtha lastuas nó dáileacháin chun aibhléis a sheoladh, nó forbairt ar a n-airítear tógáil ag aon tionscnóir reachtúil a bhfuil údarás aige/aici seirbhís teileachumarasáide de línte teileachumarsáide lastuas a chur ar fáil.

Caithfidh ainm an údaráis pleanála lena bhfuil an t-iarratas pleanála á dhéanamh a bheith mar chuid de cheannteideal an fhógra atá foilsithe de réir airteagail 17(1)(a) i nuachtán ceadaithe don chuspóir seo de réir fo-airteagal (2), agus caithfidh an méid seo a leanas a bheith luaite ann –

(a) ainm an iarratasóra,
(b) áit, baile fearainn nó seoladh poist an talún nó an struchtúir lena mbaineann an t-iarratas (dé réir mar is cuí),
(c) cibé acu a bhfuil an t-iarratas chuige: cead le haghaidh forbartha, cead chun forbairt a choimeád, cead imlíneach le haghaidh forbartha nó cead ag braith ar chead imlíneach a fháil (ag lua an uimhir thagartha ar an gclár den chead imlíneach ábarthach),
(d) nádúr agus méid na forbartha, san áireamh -
  (i) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt lena n-áirítear tithe a sholáthar, líon na dtithe atá le soláthar,
  (ii) sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr a choimeád, nádúr na húsáide atá beartaithe don struchtúr, agus, más cuí, an tréimhse ama a bhfuil sé i gceist an struchtúr a choimeád,
  (iii) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt lena n-áireofaí oibreacha a dhéanamh ar struchtúr faoi chosaint nó ar struchtúr a bhfuil sé beartaithe é a chur faoi chosaint, comhartha gur sin atá i gceist,
  (iv) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt lena n-áirítear, nó atá i gcomhair gníomhaíochta a dteastaíonn ceadúnas do chosc agus do smachtú truaillithe comhtháite nó ceadúnas dramhaíola chuige, comhartha gur sin atá i gceist, nó
  (v) sa chás go mbaineann an t-iarratas pleanála le forbairt i saincheantar forbartha straitéiseacha, comhartha gur sin atá i gceist, agus
(e) gur féidir an t-iarratas pleanála a scrúdú nó a cheannach ag oifigí an údaráis pleanála le linn a chuid **uaireanta oscailte poiblí** agus gur féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn leis an údarás tar éis táille atá leagtha síos a íoc, taobh istigh de thréimhse 5 seachtaine ag tosnú ar an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas.